Gaeilge agus Fáilte *ar Raidió Pobail Chuan na Scairbhe, Dé Domhnaigh 28/2/21 @ 4pm*

Triúr ag Comhrá i gCearnóg an Mhargaidh sa Scairbh

(Three people have a chat in the Market Square, Scariff)

Bernadette: Dia duit, Carol!

Carol: Dia is Muire duit, Bernadette.

Bernadette: Dia duit, Terry!

Terry: Dia is Muire duit, Bernadette.

Bernadette: Conas atá sibh?

Terry: Ó tá mé go maith, go raibh maith agat!

Carol: Mise freisin, buíochas le Dia.

Bernadette: An bhfaca sibh an clár teilifíse sin aréir mar gheall ar Christy Ring?

Carol: Chonaic. Bhí sé go hiontach. Laoch iomána ab ea Christy Ring.

Bernadette: Tá an ceart agat. Bhuaigh sé ocht mbonn Uile-Éireann!

Carol: Dochreidte! Is aoibhinn liom an iomáint. Cad mar gheall ort Terry? An maith leatsa an iomáint?

Terry: Is maith liom é / Is breá liom é / Is aoibhinn liom é! / Níl spéis dá laghad agam ann!

Bernadette: Cá bhfuil tú ag dul anois, Terry?

Terry: Tá mé ag dul go dtí Centra. Ba mhaith liom arán agus bainne a fháil.

Bernadette: Go breá. Táim ag dul go dtí siopa Mairéad. Caithfidh mé cnónna a fháil do na héin. Tá an-ocras orthu sna laethanta fuara seo.

Carol: Ó go bhfóire Dia orm! Caithfidh mé dul abhaile. Tá an dinnéar san oigheann!!

Bernadette: Ar aghaidh leat mar sin. Beidh sé dóite!

Terry: Caithfidh mise dul abhaile go luath freisin. Tá ocras orm!

Bernadette: Ceart go leor. Bhí sé go deas bualadh libh.

Carol: Slán go fóill!

Terry: Slán libh.

Bernadette: Agus go n-éirí an bóthar libh!

Cúpla seanfhocal

Beatha teanga í a labhairt!

A language lives when it is spoken.

Tír gan teanga, tír gan anam.

A country without its language is a country without a soul.